



---

**TWENTY-NINTH AMENDMENT OF THE CONSTITUTION  
(NO. 2) BILL 2011**

---

*As initiated*

---

**ARRANGEMENT OF SECTIONS**

Section

1. Insertion of new Article 29A into the Constitution.
2. Citation.

**SCHEDULE**

PART 1

PART 2

---



---

**AN BILLE UM AN NAOÚ LEASÚ IS FICHE AR AN  
mBUNREACHT (UIMH. 2), 2011**

---

*Mar a tionscnaíodh*

---

RIAR NA nALT

Alt

1. Airteagal 29A nua a chur isteach sa Bhunreacht.
2. Lua.

AN SCEIDEAL

CUID 1

CUID 2

---



---

**TWENTY-NINTH AMENDMENT OF THE CONSTITUTION  
(NO. 2) BILL 2011**

---

# **BILL**

*entitled*

AN ACT TO AMEND THE CONSTITUTION.

5

WHEREAS by virtue of Article 46 of the Constitution, any provision of the Constitution may be amended in the manner provided by that Article:

AND WHEREAS it is proposed to amend the Constitution:

BE IT THEREFORE ENACTED BY THE OIREACHTAS AS 10  
FOLLOWS:

Insertion of new Article 29A into the Constitution. **1.**—The Constitution is hereby amended by the insertion of a new Article 29A:

- (a) The text which is set out in *Part 1* of the *Schedule* to this Act shall be inserted after Article 29 of the existing Irish 15 text of the Constitution,
- (b) The text which is set out in *Part 2* of the *Schedule* to this Act shall be inserted after Article 29 of the existing English text of the Constitution.

Citation. **2.**—(1) The amendment of the Constitution effected by this Act 20 shall be called the Twenty-ninth Amendment of the Constitution.

(2) This Act may be cited as the Twenty-ninth Amendment of the Constitution Act 2011.



---

**AN BILLÉ UM AN NAOÚ LEASÚ IS FICHE AR AN  
mBUNREACHT (UIMH. 2), 2011**

---

# BILLE

*dá ngairtear*

5    ACHT CHUN AN BUNREACHT A LEASÚ.

DE BHRÍ gur cead, de bhua Airteagal 46 den Bhunreacht, foráil ar bith den Bhunreacht a leasú ar an modh a shocraítear leis an Airteagal sin:

AGUS DE BHRÍ go bhfuil beartaithe an Bunreacht a leasú:

10    ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS AR AN ÁBHAR SIN  
MAR A LEANAS:

1.—Leasaítear an Bunreacht leis seo trí Airteagal 29A nua a Airteagal 29A nua  
chur isteach: a chur isteach sa  
Bhunreacht.

15    (a) Déanfar an téacs atá leagtha amach i *gCuid 1* den *Sceideal*  
a ghabhann leis an Acht seo a chur isteach i ndiaidh  
Airteagal 29 den téacs Gaeilge láithreach den  
Bhunreacht,

20    (b) Déanfar an téacs atá leagtha amach i *gCuid 2* den *Sceideal*  
a ghabhann leis an Acht seo a chur isteach i ndiaidh  
Airteagal 29 den téacs Béarla láithreach den Bhunreacht.

2.—(1) An Naoú Leasú is Fiche ar an mBunreacht a thabharfar Luá.  
ar an leasú a dhéantar ar an mBunreacht leis an Acht seo.

(2) Féadfar an tAcht um an Naoú Leasú is Fiche ar an  
mBunreacht, 2011 a ghairm den Acht seo.

## SCHEDULE

### PART 1

#### Airteagal 29A

Is saoránaigh agus cibé daoine eile sa Stát, de réir mar a chinnfear le dlí, ag a bhfuil ceart vótála in aon toghchán nó reifreann dá dtagraítear sa Bhunreacht seo, lena n-airítear toghchán chun Parlaimint na hEorpa ach gan toghcháin chun Seanad Éireann ag na hOllscoileanna mar a shocraítear le hAirteagal 18.4 a áireamh, agus iad sin amháin, a bheidh i dteideal síntiúis pholaitíochta a thabhairt d'eagraíochtaí nó do dhaoine a bhfuil baint acu le feachtasaíocht pholaitíochta. Déanfar na teorainneacha le síntiúis pholaitíochta den sórt sin, agus an dearbhú maidir leo, a phorordú le dlí.

5

10

### PART 2

#### Article 29A

Only citizens and such other persons in the State as may be determined by law who have the right to vote at any election or referendum referred to in this Constitution, including an election to the European Parliament but excluding elections to Seanad Éireann by the Universities as provided for in Article 18.4, shall be entitled to make political donations to organisations or people involved in political campaigning. The limits upon and declaration of such political donations shall be prescribed by law.

15

20

CUID 1

Airteagal 29A

- Is saoránaigh agus cibé daoine eile sa Stát, de réir mar a chinnfear  
5 le dlí, ag a bhfuil ceart vótála in aon toghchán nó reifreann dá  
dtagraítear sa Bhunreacht seo, lena n-áirítear toghchán chun  
Parlaimint na hEorpa ach gan toghcháin chun Seanad Éireann ag na  
hOllscoileanna mar a shocraítear le hAirteagal 18.4 a áireamh, agus  
10 iad sin amháin, a bheidh i dteideal síntiúis pholaitíochta a thabhairt  
d'eagraíochtaí nó do dhaoine a bhfuil baint acu le feachtasaíocht  
pholaitíochta. Déanfar na teorainneacha le síntiúis pholaitíochta den  
sórt sin, agus an dearbhú maidir leo, a fhordú le dlí.

CUID 2

Article 29A

- 15 Only citizens and such other persons in the State as may be determined by law who have the right to vote at any election or referendum referred to in this Constitution, including an election to the European Parliament but excluding elections to Seanad Éireann by the Universities as provided for in Article 18.4, shall be entitled  
20 to make political donations to organisations or people involved in political campaigning. The limits upon and declaration of such political donations shall be prescribed by law.